www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2018

# Matamaitic

Aonad T1
**(Le hÁireamhán)**
Bonnsraith

*GMT11*

**[GMT11]**
**DÉARDAOIN 24 BEALTAINE, 9.15am–10.45am**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit do fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le peann dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist is **fiche**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá** cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar Eilimintí Feidhmeacha sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide i gCeist **22**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

11203.02


www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$





**Toirt phriosma** = achar trasghearrtha × fad




www.xtrapapers.com

**1** Taispeánann an picteagram an méid péinte a díoladh.




**(a)** Díoladh 30 lítear de phéint neamhlonrach. Comhlánaigh an eochair.



léiríonn sé ____ lítear [1]

**(b)** Cá mhéad lítear de phéint shróil a díoladh?

Freagra ______________ [1]

**(c)** Cá mhéad níos mó lítear de phéint lonrach a díoladh ná de phéint don taobh amuigh?

Freagra ______________ [1]

**(d)** Díoladh 160 lítear de phéint. Comhlánaigh an picteagram don fhochóta. [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**2** Scríobh

**(a)** iolraí de 11 idir 50 agus 60, Freagra _______ [1]

**(b)** fachtóir de 65 idir 10 agus 20, Freagra _______ [1]

**(c)** dhá uimhir níos lú ná 10 a bhfuil 17 mar shuim orthu,

Freagra _______ agus _______ [1]

**(d)** dhá uimhir níos lú ná 10 arb é 8 an difríocht eatarthu,

Freagra _______ agus _______ [1]

**(e)** dhá uimhir níos lú ná 10 a bhfuil 42 mar iolrach orthu

Freagra _______ agus _______ [1]

**3** Ciorclaigh an freagra is fearr ar gach ceann seo a leanas.

**(a)** An fad slí idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath

16 km    160 km    1600 km [1]

**(b)** Toilleadh muga caife


2 ml    20 ml    200 ml [1]

**(c)** Meáchan ciúb siúcra

5 g    50 g    500 g [1]

www.xtrapapers.com

**4**




**(a)** Comhlánaigh na habairtí, ag úsáid treonna an chompáis.

**(i)** Tá C ó thuaidh ó O agus tá A ____________________ ó O. [1]

**(ii)** Tá C ____________________ ó A. [1]

**(iii)** Tá O ____________________ ó B. [1]

**(b)** Tá D siar ó C agus siar ó thuaidh ó O.

Cad iad comhordanáidí D?

Freagra ( _______ , _______ ) [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**5** LIOSTA PRAGHSANNA

| | |
|---|---|
| Cairéid | 85p an kg |
| Mionphrátaí | £1.20 an kg |
| Prátaí bácála | £1 ar 4 |
| Cóilís | £1.35 an ceann |
| Cabáiste | 95p an ceann |
| Bachlóga | £1.50 an kg |
| Oinniúin | 90p an kg |


Ceannaíonn Ciarán 2 kg cairéid, $\frac{1}{2}$ kg oinniún, cabáiste agus 8 bpráta bácála.

Cad é an briseadh ba chóir a bheith aige ó £10?

Freagra £_____________ [4]

www.xtrapapers.com

**6** Amharc ar an chruth atá tarraingthe thíos ar eangach cm.




**(a)** Cad é achar an chrutha atá scáthlínithe?

Freagra ____________________ [2]

**(b)** Cad é imlíne an chrutha atá scáthlínithe?

Freagra _________________ cm [1]

**(c)** Tarraing cruth eile ar an eangach thíos a bhfuil an imlíne chéanna aige ach achar difriúil.




[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

7




**(a)** Scríobh ainm an chrutha


**(i)** ACDE, Freagra ______________________________ [1]

**(ii)** ACDF, Freagra ______________________________ [1]

**(iii)** HJNL, Freagra ______________________________ [1]

**(iv)** HIJK. Freagra ______________________________ [1]

www.xtrapapers.com




**(b)** Cén cineál triantáin é

**(i)** PRT, Freagra ______________________________ [1]


**(ii)** QRT? Freagra ______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**8** Rinneadh an teocht a thaifeadadh gach dhá uair déag an chloig.

| Am | Teocht |
|---|---|
| Dé Luain 8 am | 6 °C |
| Dé Luain 8 pm | 3 °C |
| Dé Máirt 8 am | 5 °C |
| Dé Máirt 8 pm | 5 °C |
| Dé Céadaoin 8 am | 7 °C |
| Dé Céadaoin 8 pm | 8 °C |
| Déardaoin 8 am | 6 °C |
| Déardaoin 8 pm | 2 °C |

**(a)** Tarraing líneghraf ar an eangach leis na teochtaí seo a thaispeáint.




[3]

www.xtrapapers.com

**(b)** Ríomh an mheánteocht.

Freagra ____________________ °C [3]


**(c)** Cad é an teocht airmheánach?

Freagra ____________________ °C [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**9** Baintear úsáid as cipíní le patrúin a dhéanamh.



Patrún 1 Patrún 2 Patrún 3 Patrún 4

**(a)** Tarraing Patrún 4. [1]

**(b)** Comhlánaigh an tábla seo a leanas.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Uimhir Patrúin | 1 | 2 | 3 | 4 |
| Líon cipíní | 4 | 10 | | |

[1]

**(c)** Cuir síos ar an dóigh a n-athraíonn líon na gcipíní sa chruth de réir mar a dhéantar gach patrún nua.

______________________________________________ [1]

**(d)** Cad é líon na gcipíní i bPatrún 11?

Freagra ______________ [2]

www.xtrapapers.com

**10** Rinne Comhlacht A 4200 carr in aon bhliain amháin.

Ba charranna spóirt iad 35% de na carranna seo.

Rinne Comhlacht B 125 carr spóirt gach mí.

Cé acu comhlacht a rinne níos mó carranna spóirt agus cá mhéad níos mó a rinne sé?

Taispeáin do chuid oibre go soiléir.

Freagra Rinne Comhlacht ________ ________ níos mó carranna spóirt [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**11** **(a)** Smaoiním ar uimhir, déanaim í a iolrú faoi 3 agus ansin cuirim 1 léi.

Is é 28 an freagra.

Cad é an uimhir a bhí ann?

Freagra ______________ [2]


**(b)** Smaoiním ar uimhir, dealaím 1 uaithi agus ansin déanaim í a roinnt ar 4


Is é 3 an freagra.

Cad é an uimhir a bhí ann?

Freagra ______________ [2]

**12** Ríomh méid na n-uillinneacha atá marcáilte $x$ agus $y$.




níl na léaráidí tarraingthe go cruinn

Freagra $x$ = ____________ [1]

$y$ = ____________ [2]

www.xtrapapers.com

**13** Ba iad seo na teochtaí ag meán lae ar sé lá

| Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Satharn |
|---|---|---|---|---|---|
| −1 °C | −3 °C | −2 °C | 0 °C | 1 °C | 4 °C |

**(a)** Cén lá a raibh an teocht ab fhuaire ann ag meán lae?

Freagra ______________________ [1]

**(b)** Cé acu dhá lá a raibh an difríocht teochta ba mhó eatarthu ag meán lae?

Freagra ______________________ agus ______________________ [1]

**(c)** Bhí an teocht ag meán lae Dé Domhnaigh 2 °C níos teo ná Dé Luain.

Cad é an teocht a bhí ann ag meán lae Dé Domhnaigh?

Freagra _________ °C [1]

**14** Réitigh

**(a)** $6x = 18$

Freagra $x =$ ________________ [1]

**(b)** $5 + x = 21$

Freagra $x =$ ________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**15** 1, 4, 9, 16, 25, ____ , ____

**(a)** Comhlánaigh an chéad dá uimhir eile sa tseicheamh thuas. [1]

**(b)** Cén t-ainm atá ar na huimhreacha sa tseicheamh seo?

Freagra ______________________ [1]

**16** Tá go díreach 3 bhonn ina phóca ag Quinn.

Ciorclaigh na méideanna airgid a d'fhéadfadh a bheith ina phóca.

16p 18p 71p 75p £1.08 £2.07

[3]

www.xtrapapers.com

**17** Scríobh in ord, ón cheann is lú go dtí an ceann is mó,

$0.81 \qquad \sqrt{0.81} \qquad 0.81^2$

Freagra ___________ , ___________ , ___________ [2]

**18** **(a)** Ríomh $0.7^2 + \sqrt{5.76}$

Freagra ________________ [1]

**(b)** **Gan áireamhán a úsáid**, taispeáin an dóigh le luach $7^3 \times 10^2$ a oibriú amach.

Freagra ________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**


www.xtrapapers.com

**19** Tá 120 duine ag obair le comhlacht T.F. (*I.T.*).

An tábla thíos, taispeánann sé an dóigh a mbaineann siad an obair amach.

| | |
|---|---|
| Carr | 56 |
| Siúl | 21 |
| Bus | 35 |
| Traein | 8 |

Tarraing píchairt thíos leis na sonraí seo a thaispeáint.



[4]

www.xtrapapers.com

**20** D'íoc Paula £175 ar 50 peann.

Dhíol sí 60% acu ar £4 an ceann.

Ansin, laghdaigh sí an praghas faoi £1.50 an ceann agus dhíol an chuid eile.

An ndearna sí brabús nó caillteanas?

Cá mhéad a bhí sa bhrabús nó caillteanas seo?

Freagra _______________ de £ _______________ [6]

www.xtrapapers.com

**21** Tá an t-ionchas saoil d'fhireannaigh in 12 thír san Afraic do 2015 á thaispeáint sa léaráid ghais is duillí thíos.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | 9 | | | | | |
| 5 | 0 | 5 | 5 | 6 | 8 | 8 |
| 6 | 0 | 2 | 4 | | | |
| 7 | 1 | 3 | | | | |

Eochair: ciallaíonn 5 | 3 53 bliain

**(a)** Cá mhéad de na tíortha seo a raibh ionchas saoil d'fhireannaigh níos lú ná 58 bliain acu?

Freagra ____________ [1]

**(b)** Do na sonraí seo thuas, oibrigh amach

**(i)** an t-airmheán,

Freagra ____________ bliain [1]

**(ii)** an raon.

Freagra ____________ bliain [1]

www.xtrapapers.com

**(c)** Sa bhliain **1975**, bhí airmheán de 49 bliain agus raon de 30 bliain ag an ionchas saoil d'fhireannaigh sa 12 thír chéanna.

Cuir an t-ionchas saoil d'fhireannaigh sa 12 thír seo in **2015** i gcomparáid leis an ionchas saoil d'fhireannaigh in **1975**

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]


www.xtrapapers.com

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**22** Is ciúbóideach é an pacáistiú d'fheadán taos fiacla dar tomhas 16 cm × 5 cm × 4 cm.



Ba mhaith leis an mhonaróir 150 de na feadáin seo a phacáil isteach i mbosca cairtchláir.
Is ciúbóideach é an bosca.
Is iad 48 cm × 35 cm × 28 cm tomhais an bhosca.





An mbeidh an bosca mór go leor le 150 feadán taos fiacla ina bpacáistiú a choinneáil?
Ní mór duit do chuid oibre a thaispeáint le do fhreagra a mhíniú.

Freagra __________ [3]

www.xtrapapers.com

**23**




níl an léaráid tarraingthe go cruinn

Is triantán comhchosach é PQR ina bhfuil PQ = PR.
Is líne dhíreach é QRS.

**(a)** Oibrigh amach méid na huillinne atá marcáilte $x$.

Freagra ______________ ° [2]


**(b)** Oibrigh amach méid na huillinne atá marcáilte $y$.

Freagra ______________ ° [1]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**24** Tá 3 chárta ann.



Tá uimhir ar gach cárta.
Is é 7 mód na 3 uimhir.
Is é 9 meán na 3 uimhir.
Oibrigh amach na 3 uimhir ar na cártaí.

Freagra ____________ , ____________ , ____________ [2]

**25** **(a)** Simpligh $7c - 3d - 2c + 2d$

Freagra ______________________ [2]

**(b)** Réitigh

**(i)** $\frac{x}{3} = 9$

Freagra $x =$ ____________ [1]

**(ii)** $5y + 4 = 23$

Freagra $y =$ ____________ [2]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |
| 19 | |
| 20 | |
| 21 | |
| 22 | |
| 23 | |
| 24 | |
| 25 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

Uimhir Scrúdaitheora

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.